**Miontuairiscí Bhord Leabharlann Náisiúnta na hÉireann**

**Déardaoin an 5 Lúnasa 2021 ar 11: 00**

**Físchomhdháil**

| | |
|---|---|
| **An Bord** | **I láthair:**<br>Eoin McVey, Cathaoirleach<br>An Dr Marie Bourke<br>An tOll. Maeve Conrick<br>An Dr Conor Kostick<br>Katherine McSharry<br>Jennifer Taaffe |
| **An Fhoireann** | **I láthair:**<br>An Dr Sandra Collins, Stiúrthóir<br>Susan O'Donnell, Rúnaí Gníomhach<br>Colette O'Flaherty, Coimeádaí na mBailiúchán Speisialta (5.1 amháin)<br>Kathleen Ruane, Ceannasaí Airgeadais agus Príomhoifigeach Bainistíochta Rioscaí (7.1.1- 7.1.2 amháin) |
| Nóta: (5. 1 -7.1. 2) Is éard atá i gceist leis seo ná go raibh an duine sin i láthair le haghaidh na míreanna sin sna miontuairiscí. Bhí gach comhalta Boird/ball foirne eile i láthair don chruinniú iomlán. | |

1. **Cathaoirleach ar an gcruinniú a ainmniú agus ceisteanna nóis imeachta eile**

Cheap Catherine Martin, T.D., an tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán Eoin McVey mar Chathaoirleach ar Bhord Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, le héifeacht ón 29 Iúil 2021.

Dhearbhaigh an Cathaoirleach go raibh córam i láthair ar an gcruinniú. Mar fhreagra ar an gceist ón gCathaoirleach, ní raibh aon choinbhleachtaí leasa le fógairt ag an mBord agus glacadh clár oibre an chruinnithe.

**Chuir an Bord fáilte mhór roimh cheapachán Eoin McVey mar Chathaoirleach ar an mBord. Dheimhnigh an Bord go raibh**

**córam ann; ghlac le clár oibre an chruinnithe; agus dheimhnigh nach raibh aon choinbhleachtaí leasa le fógairt.**

Nóta: Cuireadh na páipéir go léir ar fáil roimh an gcruinniú Boird ach amháin má luaitear a mhalairt.

**2. Miontuairiscí faofa ón gcruinniú Boird ar an 3 Meitheamh 2021**

**3. Nithe ag éirí as**

Thug an Stiúrthóir le fios, agus tagairt á déanamh do mhír 2 agus 3 ar an gClár Oibre le chéile, go gcuirfí siar an t-athbhreithniú ar na dréacht-mhiontuairiscí ón gcruinniú Boird an 3 Meitheamh 2021 agus an t-athbhreithniú ar thábla gníomhaíochta na nithe ag éirí as go dtí go mbeadh Rúnaí an Bhoird ar ais ó shaoire bhreoiteachta.

Chuir an Bord beannachtaí chuig Rúnaí an Bhoird.

**Thug an Bord ar aire gur cuireadh siar an t-athbhreithniú ar dhréacht-mhiontuairiscí ón gcruinniú Boird an 3 Meitheamh 2021 agus an t-athbhreithniú ar thábla gníomhaíochta na nithe ag éirí as.**

**4. Tuairisc an Stiúrthóra**

Thug an Stiúrthóir faisnéisiú ó bhéal agus cur i láthair don Bhord mar seo a leanas:

- An t-eolas is deireanaí maidir le ceapachán comhaltaí chun an Bhoird ag an Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, Catherine Martin, T.D. Scríobhfaidh an Stiúrthóir chuig na comhaltaí Boird nua le fáilte a chur rompu agus déanfar seisiún ionduchtaithe a eagrú go luath i mí Mheán Fómhair. Déanfar an cheardlann straitéise don Bhord a chur ar athló le go mbeidh comhaltaí nua den Bhord in ann páirt a ghlacadh. Tá an chéad chruinniú Boird eile beartaithe do mhí Dheireadh Fómhair.

- Athruithe móra ar an bhFeidhmeannas agus maolú riosca dá bharr:

  Chuir an Stiúrthóir in iúl go bhfuil cúpla athrú i ndiaidh

teacht chun cinn ar leibhéal an Fheidhmeannais a d'fhéadfadh drochthionchar a imirt ar oibríochtaí; tá roinnt céimeanna maolaithe curtha i bhfeidhm le dul i ngleic leis sin mar seo a leanas:

- Ceannasaí Bailiúchán Digiteach

D'imigh Ceannasaí Bailiúchán Digiteach LNÉ ar scor i mí Iúil agus d'éirigh an tOifigeach Feidhmiúcháin TFC as a ról i mí Bealtaine. Tá an Ceannasaí Bailiúchán Digiteach freagrach as na feidhmeanna TFC go léir agus as córais na leabharlainne agus taisclainne, agus as an mbailiú digiteach agus na stiúideonna digitithe. D'fhág sé sin go raibh géarghá láithreach le tacaíocht TFC. Tá an Ceannasaí Acmhainní Daonna ag bainistiú fhoireann na mBailiúchán Digiteach faoi láthair.

Glacadh na bearta seo leis an riosca a mhaolú: thug an Feidhmeannas tús áite d'earcaíocht Cheannasaí nua na mBailiúchán Digiteach. Ceadaíodh iarratas chun na Roinne go pras le dlús a chur leis an earcaíocht don ról seo as siocair gur ról ríthábhachtach atá ann; ceapadh Ardoifigeach Feidhmiúcháin sealadach gníomhach TFC, agus taithí ag an duine sin, agus cuireadh earcaíocht an Oifigigh Feidhmiúcháin TFC chun cinn; cuireadh síneadh ama le conradh tacaíochta TFC a bhí cheana ann le go bhféadfadh go mbeadh suas le 30 lá breise de thacaíocht shinsearach TFC ann.

- Ceannasaí Taispeántas, Foghlama agus Cláreagraithe

D'éirigh an Ceannasaí Taispeántas, Foghlama agus Cláreagraithe roimhe seo as a ról agus d'fhág an eagraíocht i mí Iúil. Tá an duine sa ról seo freagrach as réimse leathan plé leis an bpobal, é sin ar líne agus thar roinnt láithreacha. Lena chois sin, baineann sciar maith den ualach oibre leis an Sciathán Thiar athfhorbartha a dhearadh, a thabhairt chun críche agus a bheochan, áit a bhfuil sé beartaithe trí urlár a fhorbairt ina mbeidh spás nua taispeántais, caifé agus siopa nua, agus spásanna nua foghlama agus spásanna le haghaidh seimineár.

Tá Katherine McSharry toilteanach aistriú chuig an ról seo, í fós ina Leas-Stiúrthóir, ar bhonn lánaimseartha buan i mí

Lúnasa. Tá an Leas-Stiúrthóir an-fheiliúnach don ról ós rud é go bhfuil taithí aici mar stiúrthóir tionscadail leis an taispeántas Seamus Heaney: Listen Now Again a dhearadh agus a chur i gcrích; mar an ceannasaí ó LNÉ chun Músaem Litríochta na hÉireann a chur i gcrích; agus mar Cheannasaí na Rannóige For-Rochtana a bhí ann roimhe.

- Ceannasaí Forbartha

D'fhág an Leas-Stiúrthóir an ról seo i mí Iúil agus d'aistrigh chuig an Rannóg Taispeántas, Foghlama agus Cláreagraithe. Tá an Ceannasaí Forbartha freagrach as cumarsáid phoiblí, fógraíocht agus margaíocht, gnóthaí poiblí agus rannpháirtíocht leis na meáin, forbairt an láithreáin gréasáin nua, dearadh, tiomsú airgid agus forbairt. Tá an ról seo fíorthábhachtach chun cáil na Leabharlainne agus feasacht an phobail uirthi a bhainistiú.

Tá Eoin McCarney ar ais óna shos gairme agus i ndiaidh glacadh leis an ról ar bhonn sealadach go dtí Eanáir 2022. Beidh sé ag dul ar ais ansin go dtí an ról mar Cheannasaí Bailiúchán Foilsithe. Tá conradh seirbhíse ann le DHR Communications trína dtugtar saineolas breise ar bhonn leanúnach maidir leis an gcaidreamh leis na meáin. Cuirfear síneadh ama leis an gconradh sin ar bhonn eatramhach neamhiomaíoch go dtí go mbeidh an Ceannasaí nua Forbartha ann le soláthar nua a reáchtáil.

- Ardoifigeach Feidhmiúcháin um Rialachas Corparáideach

Is í Orla Sweeney Rúnaí an Bhoird agus an Fheidhmeannais; is í an tOifigeach Cosanta Sonraí í; atá freagrach as iarratais faoin tSaoráil Faisnéise; as comhlíonadh; agus as monatóireacht a dhéanamh ar aiseolas. Tá sí ar shaoire bhreoiteachta faoi láthair. Tá Susan O'Donnell tar éis glacadh leis an ról mar Rúnaí Gníomhach don Bhord agus don Fheidhmeannas. Tá an Stiúrthóir ag glacadh le freagrachtaí breise as an Rialachas Corparáideach.

D'fhreagair an Stiúrthóir ceisteanna ón mBord faoin amlíne chun an ról mar Cheannasaí Forbartha a cheapadh; le fáil amach an féidir dlús a chur leis an earcaíocht; agus faoin ngá le dul chun cinn a dhéanamh i rith an ama leis an láithreán gréasáin nua a fhorbairt.

Thug an Bord ar aire go bhféadfaí tionchar Covid-19 a lua mar chúis leis na hathruithe foirne agus go mb'fhéidir go mbeadh an rud céanna ag titim amach i bhforais chultúrtha go leor eile.

Ghabh an Bord buíochas leis an iar-Cheannasaí Bailiúchán Digiteach agus leis an iar-Cheannasaí Taispeántas, Foghlama agus Cláreagraithe as an obair fhiúntach a rinne siad don Leabharlann.

**Chuir an Bord fáilte mhór roimh cheapachán an Chathaoirligh agus ceapachán na gcomhaltaí nua den Bhord. Thug an Bord tuairisc an Stiúrthóra ar aire, chomh maith leis an nóta faisnéise TFC do mhí Iúil 2021, agus thug faomhadh do na céimeanna maolaithe atá curtha i bhfeidhm.**

## 5. Beartais atá le faomhadh

### 5.1 Beartas agus Treoirlínte um Fhorbairt na mBailiúchán

Thug Coimeádaí na mBailiúchán Speisialta, Colette O'Flaherty, nuashonrú don Bhord maidir leis an dréacht-Bheartas agus na dréacht-Treoirlínte um Fhorbairt na mBailiúchán; an amlíne athbhreithnithe leis an gclár oibre seo a chur i gcrích; agus an liosta athbhreithnithe le haghaidh Comhairliúchán Seachtrach.

Chuir an Bord fáilte roimh an obair mhór atá le feiceáil sna dréacht-Treoirlínte um Fhorbairt na mBailiúchán.

Mar fhreagra ar cheist ón mBord maidir leis an amlíne don athbhreithniú, dheimhnigh Coimeádaí na mBailiúchán Speisialta go ndéanfaí athbhreithniú rialta ar an mBeartas agus ar na Treoirlínte.

**Rinne an Bord Treoirlínte an Bheartais um Fhorbairt na mBailiúchán a ghabh le leagan (2021.4) den Bheartas um Fhorbairt na mBailiúchán. Thug an Bord ar aire an amlíne athbhreithnithe chun an clár oibre seo a chur i gcrích, atá leasaithe chun teacht le cinneadh an Bhoird an 8 Aibreán. Thug an Bord an liosta athbhreithnithe le haghaidh Comhairliúchán Seachtrach ar aire.**

Ar iarratas ón gCathaoirleach, thoiligh an Rúnaí Gníomhach

cruachóipeanna den Bheartas agus de na Treoirlínte um Fhorbairt na mBailiúchán a sheoladh chuig an mBord agus iad faofa.

### 5.2 An Beartas Úsáide Inghlactha maidir le TFC

Dúirt an Stiúrthóir raibh an Beartas Úsáide Inghlactha maidir le TFC á chur faoi bhráid an Bhoird lena athbhreithniú. Caithfidh gach ball foirne cloí leis an mBeartas. Déantar athbhreithniú ar an mBeartas gach ceithre bliana.

**D’fhaomh an Bord an Beartas Úsáide Inghlactha maidir le TFC.**

## 6. Cásanna Gnó

### 6.1 Bailiúcháin Dhigiteacha: Cartlannú Roghnaíoch an Ghréasáin

**Thug an Bord faomhadh le go bhféadfaidh an Feidhmeannas an conradh a athnuachan le Internet Archive (IA) chun cartlannú roghnaíoch a dhéanamh ar an ngréasán ar feadh bliana ón 14 Meán Fómhair 2021 de réir na dtéarmaí atá sa Chreat-Chomhaontú páirtí aonair reatha um Sheirbhísí Cartlannaithe Gréasáin le IA chun Cartlannú Roghnaíoch an Ghréasáin a sholáthar, Beart 1).**

### 6.2 Eastáit: Seirbhísí Glantóireachta ar Conradh LNÉ

**Thug an Bord faomhadh le go bhféadfaidh an Feidhmeannas tairiscint a eisiúint le haghaidh Seirbhísí Glantóireachta ar Conradh.**

## 7. Gnóthaí Corparáideacha

### 7.1 Cúrsaí Airgeadais

#### 7.1.1 Cuntais bhainistíochta don bhliain go dtí an 31 Bealtaine 2021

Thug an Bord ar aire go bhfuil athbhreithniú déanta ag

an gCoiste Iniúchóireachta agus
Riosca ar na dréachtchuntais bhainistíochta do
Bhealtaine 2021 ar an ríomhphost agus
go bhfuil na moltaí go léir ann curtha i bhfeidhm.

**Rinne an Bord na dréachtchuntais bhainistíochta do Bhealtaine 2021 a fhaomhadh.**

### 7.1.2 Sainordú Bainc LNÉ

**Thug an Bord faomhadh le go bhféadfaidh an Feidhmeannas Sainordú Bainc LNÉ a nuashonrú agus na hathruithe seo a leanas a chur san áireamh:**

**i. iar-Cheannasaí na mBailiúchán Digiteach a bhaint den sainordú agus an Ceannasaí Acmhainní Daonna a chur leis an sainordú nua;**

**ii. an Stiúrthóir a chur isteach mar an t-úsáideoir údaraithe ar 'baincéireacht fóin 365' agus don rochtain ar an mbaincéireacht dhigiteach.**

## 8. An chéad chruinniú Boird eile: Déardaoin, an 7 Deireadh Fómhair 2021, 11:00

**Luaigh an Bord go mbeadh an chéad chruinniú eile ann ar an 7 Deireadh Fómhair 2021.**

## 9. Aon Ghnó Eile

### 9.1 Taispeántais, Foghlaim agus Cláreagrú: Conradh le haghaidh scannán Seamus Heaney

Ina cáil mar Leas-Stiúrthóir agus Ceannasaí Taispeántas, Foghlama agus Cláreagraithe, d'iarr
Katherine McSharry faomhadh le go bhféadfadh LNÉ dul ar aghaidh chun conartha le bigO
Creative Ltd as seirbhísí chun scannán a léiriú i gcomhar leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha, agus

Seamus Heaney mar ábhar ann (tar éis don Bhord faomhadh a thabhairt roimhe seo le dul ar aghaidh chun tairisceana don tionscadal seo).

**Thug an Bord faomhadh don Fheidhmeannas dul ar aghaidh chun conartha le bigO Creative Limited as seirbhísí chun scannán a léiriú, i gcomhar leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha, agus Séamus Heaney mar ábhar ann,** [redacted]

**Chuir an Cathaoirleach deireadh leis an gcruinniú.**